2024.M7

2024L001A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Gaeilge

## Páipéar 1
## (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

## Ardleibhéal

**Dé Luain 10 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:20**

160 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú seo sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh**. **Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid.**

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** chuid sa scrúdú seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | An Chluastuiscint | **60 marc** |
| Cuid II | An Cheapadóireacht | **100 marc** |

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

Freagair gach cuid – A, B, C – sa fhreagarleabhar seo. Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

## Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

### FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cén t-ainm atá ar an scoil atá ag glacadh páirte sa scéim *Gaelbhratach* den chéad uair i mbliana?

**(b)** Cén aidhm atá leis an scéim *Gaelbhratach*?

**2.** Scríobh síos **dhá** imeacht a eagrófar do na scoláirí.

(i)

(ii)

**3.** Luaigh rud **amháin** a dhéanfaidh oifigigh ón scéim *Gaelbhratach* le linn a gcuairteanna ar an scoil.

### FÓGRA A DÓ

**1.** Cé a chuir amach an fógra seo?

**2.** Scríobh síos **dhá** rud a fhoghlaimeoidh an cuairteoir ó na taispeántais sa mhúsaem.

(i)

(ii)

**3.** Luaigh rud **amháin** is féidir leis an gcuairteoir a dhéanamh sa zón idirghníomhach.

# Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**COMHRÁ A hAON**

***An Chéad Mhír***

**1.** Scríobh síos pointe **amháin** eolais faoin tonn teasa a bhí san Iodáil nuair a bhí Aoife agus a teaghlach ar saoire ansin.

| |
|---|
| |
| |

**2.** Tabhair **dhá** shlí ar chuir an tonn teasa isteach go mór ar phleananna Aoife agus a teaghlaigh agus iad ar saoire san Iodáil.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin damáiste a rinne na tinte uafásacha i gceantair áirithe, dar le hAoife.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**2.** Cad a deir na saineolaithe aimsire faoin Eoraip?

| |
|---|
| |
| |

**3.** Cad a chaithfear a dhéanamh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, dar le Seán?

| |
|---|
| |
| |

## COMHRÁ A DÓ

### *An Chéad Mhír*

**1.** Cén oíche a chodail Áine agus grúpa scoláirí óna scoil amuigh i gcarrchlós an bhaile mhóir?

| |
|---|
| |
| |

**2.** Scríobh síos an **dá** chúis a gcodlaíonn daoine taobh amuigh mar chuid den fheachtas bliantúil a eagraíonn an carthanas *Focus Ireland*.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**3.** Luaigh ábhar **amháin** a bhíonn sna tuairiscí a léann Peadar ar líne.

| |
|---|
| |
| |

### *An Dara Mír*

**1.** Scríobh síos cúis **amháin** nach bhfuair Áine mórán codlata an oíche a chaith sí amuigh i gcarrchlós an bhaile mhóir, dar léi féin.

| |
|---|
| |
| |

**2.** Tabhair **dhá** cheacht a d’fhoghlaim Áine ón oíche a chodail sí amuigh.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

## Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**PÍOSA A hAON**

**1.** Cad a iarradh ar dhaoine a dhéanamh ar feadh ceithre uair an chloig is fiche mar chuid den tionscnamh speisialta?

| |
|---|
| |
| |

**2.** Scríobh síos an **dá** dheis a thug an dúshlán seo do dhaoine.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**3.** Luaigh pointe **amháin** eolais atá sa taighde a rinneadh le déanaí.

| |
|---|
| |
| |

**PÍOSA A DÓ**

**1.** Cén t-ainm a bhí ar an tsraith theilifíse a bhuaigh Gradam Cumarsáide an Oireachtais do shraith theilifíse na bliana anuraidh?

| |
|---|
| |

**2.** Cathain a craoladh an chéad chlár sa tsraith theilifíse sin ar TG4?

| |
|---|
| |

**3.** Cén fáth ar tháinig an t-ochtar ceoltóirí agus amhránaithe óga le chéile?

| |
|---|
| |
| |

## Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B nó C*** anseo thíos.
**Treoracha:** Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.
Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.
Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

## A | AISTE nó ALT NUACHTÁIN/IRISE | 100 marc

Scríobh AISTE **nó** ALT NUACHTÁIN/IRISE ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(a) Cumhacht na meán sóisialta.

(b) An bhfuil saol maith ag gach duine i sochaí an lae inniu?

(c) Éire agus cúrsaí idirnáisiúnta.

(d) An pléisiúr agus an briseadh croí a bhaineann leis an spórt.

(e) An saol faoin tuath, mar atá agus mar a bheidh.

## B | SCÉAL | 100 marc

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha ceann **amháin** díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Trua.

(b) Is maith an scéalaí an aimsir.

## C | DÍOSPÓIREACHT/ÓRÁID | 100 marc

Freagair do rogha ceann **amháin** díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Is fearr dul ar saoire in Éirinn ná dul thar lear*.

(b) Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo a leanas:

*An ról atá ag an gceol i saol daoine*.

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist | Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gaeilge - Páipéar 1
# (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

Dé Luain 10 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:20